SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

Nuachtlitir Sholáthair

EAGRÁN 15:
RÁITHE 1, 2021

Conarthaí Leictreachais agus Gáis Nádúrtha le Haghaidh Scoileanna

An bhfuil do scoil cláraithe / an bhfuil chonradh athnuachana na scoile seolta ar ais?

Cuirfear tús le conarthaí nua na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) chun gás nádúrtha agus leictreachais a sholáthar do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna ar an **1 Aibreán 2021** agus ar an **1 Bealtaine 2021**, faoi seach.

Bronnadh an conradh nua le haghaidh soláthar leictreachais ar **Electric Ireland**, agus faoin gconradh nua i gcoinne rátaí reatha an mhargaidh, beidh Electric Ireland ag soláthar **100%** de leictreachas in-athnuaite do na scoileanna go léir a rinne a gconarthaí a athnuachan nó a chláraigh chun dul isteach sa bheart scoile. Is iad **SSE Airtricity** fós an soláthraí gáis nádúrtha do scoileanna.

Mura bhfuil do scoil san áireamh i gconarthaí leictreachais agus/nó gáis nádúrtha na hOifige um Sholáthar Rialtais do scoileanna faoi láthair, féadfaidh tú machnamh a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun a bheith páirteach sna conarthaí sin, mar aon le leas a bhaint as an bpróiseas clárúcháin simplí seo ar líne ar láithreán gréasáin SPU - https://www.spu.ie/electricity-gas-registration-form/

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir le haon ghnéithe den athnuachan, nó má theastaíonn uait ceist a chur faoi chlárú le bheith páirteach i gceachtar den dá chonradh, téigh i dteagmháil le SPU ag procurementsupport@spu.ie

San eagrán seo

Fóntais / Fuinneamh

- Athnuachan conarthaí Leictreachais agus Gáis Nádúrtha
- An Nuacht is Déanaí faoi Chúrsaí Fuinnimh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Earrach 2021

Teicneolaíocht Faisnéise

- Ríomhairí Pearsanta / Ríomhairí Glúine / Gairis Hibrideacha
- Gléasanna Apple

Creataí / Conarthaí Nua ar fáil do scoileanna

- Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige
- Seirbhísí Sláinteachais Sláintíochta
- Cothabháil Ardaitheoirí
- Seirbhísí Bróicéireachta agus Socrúcháin Árachais

Réitigh Íocaíochta Scoile do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

Na Leideanna Is Fearr maidir le eTenders a úsáid

Na Teistiméireachtaí Is Déanaí

"Fan i dteagmháil" Cuidigh linn coinneáil i dteagmháil leat. Déan do chuid sonraí teagmhála a nuashonrú trí ríomhphost a sheoladh chuig procurementsupport@spu.ie

Ábhar an ríomhphoist: "**nuashonrú**" agus an **uimhir rolla** ina dhiaidh sin.

Nuashonruithe maidir le Cúrsaí Fuinnimh ón SEAI, Márta/Aibreán 2021

Tá an spriocdháta Monatóireachta agus Tuairiscithe ag druidim linn

Ó Eanáir 2021, féadfaidh scoileanna logáil isteach i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann lena n-ídiú fuinnimh bliantúil agus sonraí bainteacha le haghaidh 2020 a thuairisciú. **Ba é an 16 Aibreán 2021 an dáta deiridh chun na sonraí maidir le hídiú fuinnimh agus na sonraí bainteacha a sheoladh isteach.** Tuigimid tionchar Covid-19 agus na dúshláin shuntasacha atá roimh scoileanna dá bharr. Chun cabhrú leat do thuairisc a chomhlánú tá raon beart tacaíochta agus acmhainní curtha ar fáil againn chun cabhrú leat an tuarascáil seo a chomhlánú ag https://www.seai.ie/business-and-public-sector/public-sector/monitoring-and-reporting/for-schools/

Deasc chabhrach Monatóireachta agus Tuairiscithe: mandr@seai.ie nó 01 808 2012



An spéis leat costais fuinnimh do scoile a laghdú?

Tairgeann an clár Fuinneamh san Oideachas raon de bhearta tacaíochta a d'fhorbair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus a dearadh chun cabhrú le scoileanna a gcleachtais bainistithe fuinnimh a fheabhsú, costais oibriúcháin na scoile a laghdú agus an timpeallacht a chosaint.

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun a léiriú gur spéis leat freastal ar chúrsa bainistithe fuinnimh, téigh chuig: http://www.energyineducation.ie/Energy_In_Education/Information_for_Schools/Energy_Management_Courses/index.html.

Na Leideanna Fuinnimh Is Fearr

- ✓ Bain a oiread leasa agus is féidir as grian gheal an Earraigh! Múch na soilse aon uair a bhíonn go leor de sholas an lae ann.
- ✓ Ag tús gach ranga, téigh i dtaithí ar na dallóga a choigeartú agus na soilse a athrú chun freastal ar an gceacht.
- ✓ Ná fág na dallóga síos nó leath bealaigh síos; ardaigh iad más féidir.
- ✓ Nuair a bhíonn scoileanna ag dúnadh don tsaoire lár téarma nó do shaoire na Cásca, is ríthábhachtach aon fhearas a ídíonn fuinneamh a chasadh as, a oiread agus is féidir, chun airgead agus fuinneamh a shábháil. D'fhéadfadh scoil mhór breis is €1,000 a chur amú ar leictreachas i gcaitheamh an tsamhraidh! Is féidir printéirí, cóipeálaithe, teilgeoirí lasnairde, ríomhairí, téitheoirí uisce leictreacha, coirí uisce, agus go leor rudaí eile a mhúchadh. Léigh tuilleadh

Bearta tacaíochta SEAI do mhúinteoirí...

Aeráid SOS – Ar fáil i nGaeilge

Tá Climate SOS nó Aeráid SOS ar fáil i nGaeilge anois. Is ábhar léitheoireachta taitneamhach corraitheach é seo faoin athrú aeráide, atá dírithe ar pháistí bunscoile sinsearacha. Bí i gcomhluadar na 'Super Energy Activists' agus iad ag fáil amach faoi fhuinneamh inbhuanaithe agus conas an comhshaol a chosaint. Is féidir le múinteoirí a gcóip saor in aisce féin a ordú i mBéarla nó i nGaeilge. Is féidir tacair ranga a fháil ar iasacht ó leabharlanna áitiúla. Le haghaidh tuilleadh sonraí agus chun ríomhleabhar a íoslódáil, tabhair cuairt ar seai.ie/climatesos

Ná déan dearmad gur féidir leat é seo agus acmhainní teagaisc, póstaeir agus greamáin eile saor in aisce a ordú ó SEAI ar líne ag www.seai.ie/schools

Ceardlanna múinteoirí agus daltaí ar fáil saor in aisce ar líne

Is cúis áthais do SEAI forbairt ghairmiúil leanúnach mhúinteora saor in aisce a thairiscint do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar líne. Is ceardlanna uair an chloig iad seo, a chuirfidh roinnt uirlisí agus smaointe ar fáil duit faoi conas do rang a chur ag plé leis na téamaí fuinnimh agus inbhuanaitheachta.

Ag na ceardlanna daltaí, d'fhéadfadh go mbeadh éascaitheoir i láthair i do rang le haghaidh ceardlann beo ar líne. Beidh cluichí, tráth na gceist ar líne agus turgnaimh ar siúl sa cheardlann. Le haghaidh sonraí agus áirithintí, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin SEAI.

Gheobhaidh tú tuilleadh leideanna faoi conas fuinneamh agus airgead a spáráil i do scoil ag www.energyineducation.ie

Tá acmhainní teagaisc agus ceardlanna do dhaltaí ar fáil ag www.seai.ie/teaching-sustainabiliity

Cláraigh anseo chun ríomhiris Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann do scoileanna a fháil, agus coinnigh cothrom le dáta maidir le hacmhainní agus bearta tacaíochta nua i ndáil le múineadh faoi fhuinneamh agus inbhuanaitheacht ar scoil.

Ríomhairí hibrideacha gnáthleibhéil do scoileanna agus BOOnna

HP ProBook x360 11 G5 EE

HP ProBook x360 11 G5 EE

Ríomhaire hibrideach gnáthleibhéil
Intel Celeron N4120 / 1.1 GHz (2.6 GHz) / Taisce 4 MB, 4 Chroílár
8GB DDR4 2400Mhz
128GB SSD
2 phort USB
Saolré chadhnra: 653 nóiméad
Meáchan: 1.44kg
Scáileán tadhaill 11.6”
Grafaic: 366 x 768 / HD
Nascacht líonra: 802.11a/b/g/n/ac, Bluetooth 5.0

€407 (gan CBL a áireamh)

Áirítear gach rud sa tsonraíocht thuas ar an bpraghas seo. Áirítear leis an bpraghas:

- Am seachadta 20 lá oibre d’aon ordú a dhéanfar laistigh de 10 lá ó shíniú an chonartha agus 10 lá oibre ar a mhéad ina dhiaidh sin.
- Barántas 3 bliana, lena n-áirítear clúdach iomlán do pháirteanna agus d’obair ar an láthair ar an gcéad lá oibre eile.

De bhreis air sin, is féidir roinnt seirbhísí gaolmhara agus roghanna uasghrádaithe a cheannach leis na gléasanna. Tá na praghsanna aontaithe ar uasghráduithe agus seirbhísí gaolmhara leagtha amach sa Treoirleabhar d’Úsáideoirí maidir le Ríomhaire Hibrideach Gnáthleibhéil, atá ar fáil do gach úsáideoir cláraithe i Zón Ceannaitheoirí na hOifige um Sholáthar Rialtais - **https://buyerzone.gov.ie/account/login/?next=/**

Sonraí Teagmhála Datapac

Sonraí Teagmhála

Le hordú a dhéanamh nó le tacaíocht do chustaiméirí a fháil **http://www.itschools.ie/**

E-mail:	schoolsetb@datapac.com
Phone:	01 415 6000
Post:	Bóthar Robinhood, Baile Átha Cliath, D22 C851

Le tacaíocht theicniúil a fháil

Bainisteoir Cuntas	Audrey Deegan
R-phost:	adeegan@datapac.com
Fón:	01 415 6000

etbi Education and Training Boards Ireland Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

SPU Schools Procurement Unit

Oifig um Sholáthar Rialtais Office of Government Procurement

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais Department of Education

Ríomhairí hibrideacha meánleibhéil do scoileanna agus BOOnna.

Microsoft Surface Go 2

Microsoft Surface Go 2

Ríomhaire hibrideach meánleibhéil
Intel Core m3-8100Y (Dé-chroílár), 3032, Taisce 4MB
8GB DDR4 2400Mhz
128GB SSD
2 phort USB
Saolré chadhnra: 461 nóiméad
Meáchan: 789g, an cadhnra agus an t-eochairchlár san áireamh
Scáileán tadhaill 10.5” le Taispeáint PixelSense
Eochairchlár: Is féidir é a bhaint agus a fhilleadh sa dá treo le ligean don scáileán luí go cothrom ina aghaidh
Grafaic: 1920 x 1280
Nascacht líonra: 802.11ac/ax agus Bluetooth 5.0 inmheánach

€666 (gan CBL a áireamh)

Áirítear gach rud sa tsonraíocht thuas ar an bpraghas seo. Áirítear leis an bpraghas:

- Am seachadta 20 lá oibre d’aon ordú a dhéanfar laistigh de 10 lá ó shíniú an chonartha agus 10 lá oibre ar a mhéad ina dhiaidh sin.
- Barántas 3 bliana, lena n-áirítear clúdach iomlán do pháirteanna agus d’obair ar an láthair ar an gcéad lá oibre eile.

De bhreis air sin, is féidir roinnt seirbhísí gaolmhara agus roghanna uasghrádaithe a cheannach leis na gléasanna. Tá na praghsanna aontaithe ar uasghráduithe agus seirbhísí gaolmhara leagtha amach sa Treoirleabhar d’Úsáideoirí maidir le Ríomhaire Hibrideach Meánleibhéil, atá ar fáil do gach úsáideoir cláraithe i Zón Ceannaitheoirí na hOifige um Sholáthar Rialtais - **https://buyerzone.gov.ie/account/login/?next=/**

Sonraí Teagmhála Wriggle Learning

Sonraí Teagmhála

Le hordú a dhéanamh nó le tacaíocht do chustaiméirí a fháil **https://ogp.wrigglestore.ie**	
R-phost:	beryl@wrigglelearning.ie
Fón:	086 252 7092
Seoladh Poist:	Aonad G6, Páirc Ghnó Calmount, Baile an Mhóta, Baile Átha Cliath 12

Le tacaíocht theicniúil a fháil

Bainisteoir Cuntas:	Beryl Furlong
R-phost:	beryl@wrigglelearning.ie
Fón:	086 252 7092

etbi Education and Training Boards Ireland Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

SPU Schools Procurement Unit

Oifig um Sholáthar Rialtais Office of Government Procurement

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais Department of Education

Ríomhairí Deisce Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil do Scoileanna agus do BOOnna

HP Prodesk 405 G4

HP Prodesk 405 G4
Ríomhaire pearsanta gnáthleibhéil

Sonraíocht
AMD Ryzen 3 Pro 2200G, Próiseálaí 4 Chroílár, Taisce 6MB
8GB DDR4 RAM suiteáilte i Sliotán 1, 1 sliotán folamh
256GB SSD
11 phort USB
DVD inmheánach +/- RW 8x
AMD Radeon Vega, atá in ann do thaifeach íosta 1920 x 1080 agus doimhneacht dathanna 32 giotán, mar aon le 2x monatóir (gan gá dangail ná cuibheoirí eile a cheannach)
Poirt HDMI agus VGA
Réscáileán TFT 21”

€416 (gan CBL a áireamh)

HP Prodesk 405 G4
Ríomhaire pearsanta ardleibhéil

Sonraíocht
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
512GB SSD
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach
Mar an gcéanna leis an tsonraíocht chaighdeánach

€436.20 (gan CBL a áireamh)

Áirítear gach rud sa tsonraíocht thuas ar an bpraghas seo. Áirítear leis an bpraghas:

- Am seachadta 20 lá oibre d’aon ordú a dhéanfar laistigh de 10 lá ó shíniú an chonartha agus 10 lá oibre ar a mhéad ina dhiaidh sin.
- Barántas 3 bliana, lena n-áirítear clúdach iomlán do pháirteanna agus d’obair ar an láthair ar an gcéad lá oibre eile.

De bhreis air sin, is féidir roinnt seirbhísí gaolmhara agus roghanna uasghrádaithe a cheannach leis na gléasanna. Tá na praghsanna aontaithe ar uasghráduithe agus seirbhísí gaolmhara leagtha amach sa Treoirleabhar d’Úsáideoirí maidir le Ríomhairí Deisce Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil, atá ar fáil do gach úsáideoir cláraithe i Zón Ceannaitheoirí na hOifige um Sholáthar Rialtais - **https://buyerzone.gov.ie/account/login/?next=/**

Sonraí Teagmhála Datapac

Sonraí Teagmhála

Le hordú a dhéanamh nó le tacaíocht do chustaiméirí a fháil **http://www.itschools.ie/**	
R-phost:	schoolsetb@datapac.com
Fón:	01 415 6000
Seoladh Poist:	Bóthar Robinhood, Baile Átha Cliath, D22 C851

Le tacaíocht theicniúil a fháil

Bainisteoir Cuntas	Audrey Deegan
R-phost:	adeegan@datapac.com
Fón:	01 415 6000

etbi Education and Training Boards Ireland Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

SPU Schools Procurement Unit

Oifig um Sholáthar Rialtais Office of Government Procurement

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais Department of Education

Ríomhairí glúine gnáthleibhéil agus ardleibhéil do scoileanna agus BOOnna.

Lenovo ThinkPad

Ríomhaire glúine Lenovo E15 (gnáthleibhéal)

Sonraíocht
Méid trasnánach an scáileáin (laistigh de na beiséil) – 15”
Próiseálaí AMD Quad Core Ryzen 3 4300U (2.70GHz, Suas le 3.70GHz ar a mhéad, 4 chroílár, taisce 6MB)
8GB DDR4 3200MHz suiteáilte, 1 sliotán folamh
256GB SSD
2 phort USB
Poirt HDMI agus Taispeána
Saolré chadhnra: 612 nóiméad
Meáchan: 1,700 gram, an cadhnra san áireamh
Grafaic: Grafaic FHD Chomhtháite, atá in ann do thaifeach 1920 x 1080
Nascacht líonra: WiFi 6 agus Bluetooth 5.

€445 (gan CBL a áireamh)

Lenovo L14 High Notebook (ardleibhéal)

Sonraíocht
Méid trasnánach an scáileáin (laistigh de na beiséil) – 14”
AMD Quad Core Ryzen 3 Pro 4450u, taisce 6MB
8GB DDR4 3200MHz SoDIMM suiteáilte, 1 sliotán folamh
512GB SSD
2 phort USB
Poirt HDMI agus Taispeána
Saolré chadhnra: 607 nóiméad
Meáchan: 1,610 gram, an cadhnra san áireamh
Grafaic: Integrated Graphics 4, atá in ann do suas le 4 thaispeáint ar leith trí thaispeáint dhúchasach agus 3 mhonatóir sheachtracha; tacaíocht do mhonatóirí seachtracha trí HDMI
Nascacht líonra: WiFi 6 agus Bluetooth 5

€525 (gan CBL a áireamh)

Áirítear gach rud sa tsonraíocht thuas ar an bpraghas seo. Áirítear leis an bpraghas:

- Am seachadta 20 lá oibre d’aon ordú a dhéanfar laistigh de 10 lá ó shíniú an chonartha agus 10 lá oibre ar a mhéad ina dhiaidh sin.
- Barántas 3 bliana, lena n-áirítear clúdach iomlán do pháirteanna agus d’obair ar an láthair ar an gcéad lá oibre eile.

De bhreis air sin, is féidir roinnt seirbhísí gaolmhara agus roghanna uasghrádaithe a cheannach leis na gléasanna. Tá na praghsanna aontaithe ar uasghráduithe agus seirbhísí gaolmhara leagtha amach sa Treoirleabhar d’Úsáideoirí maidir le Ríomhairí Glúine Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil, atá ar fáil do gach úsáideoir cláraithe i Zón Ceannaitheoirí na hOifige um Sholáthar Rialtais - **https://buyerzone.gov.ie/account/login/?next=/**

Sonraí Teagmhála PFH Technology Group

Sonraí Teagmhála

Le hordú a dhéanamh nó le tacaíocht do chustaiméirí a fháil **education.pfhstore.ie**

R-phost:	education@pfh.ie
Fón:	021 230 3030
Seoladh Poist:	1 Ascaill an Gheata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 HK71

Le tacaíocht theicniúil a fháil

Bainisteoir Cuntas:	Joanne Ahern
R-phost:	jahern@pfh.ie
Fón:	021 230 3030

etbi Education and Training Boards Ireland Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

SPU Schools Procurement Unit

Oifig um Sholáthar Rialtais Office of Government Procurement

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais Department of Education

Cén chaoi ar féidir liom na hearraí agus na seirbhísí atá ar fáil faoi na Conarthaí seo a cheannach?

Is féidir le scoil ar bith a bhfuil ríomhairí pearsanta/ríomhairí glúine/gléasanna hibrideacha de dhíth uirthi na hearraí agus na seirbhísí a fháil trí 'Tharraingt Anuas Dhíreach'. Tá roinnt céimeanna nach mór a leanúint chun teacht ar na hearraí agus na seirbhísí.



1. Roimh duit ordú a dhéanamh, ní mór duit an NAGSF (an Fhoirm Fógra le hEarraí agus Seirbhísí a Chur i nGníomh) a chomhlánú agus a shíniú. Tá an NAGSF ar fáil ach é a iarraidh ar an Soláthraí tríd an Tairseach Ghréasáin nó tríd an r-phost. Is foirm í seo a thugann d'eagraíocht faoi scáth théarmaí agus coinníollacha an chonartha. Tar éis a sínithe, caithfear í a sheoladh chuig an soláthraí, a dhéanfaidh í a chomhshíniú agus a sheoladh ar ais chugat.

2. A luaithe a bheidh an NAGSF sínithe ag an dá pháirtí, beidh tú in ann tosú ar earraí agus seirbhísí a ordú tríd an Tairseach Gréasáin, tríd an r-phost nó ar an bhfón. Ní gá an NAGSF a chomhlánú ach uair amháin, agus ina dhiaidh sin beidh tú in ann an conradh a úsáid chomh minic agus is gá.

3. Tar éis ordú a fháil, deimhneoidh an soláthraí an t-ordú tríd an r-phost nó facs, déanfaidh an t-ordú a phróiseáil agus seachadfaidh na hearraí nó na seirbhísí.

4. Eiseoidh an soláthraí sonrasc ansin.

5. Caithfidh tú an Cruthúnas Seachadta (POD) a shíniú nuair a gheobhaidh tú na hearraí nó na seirbhísí.

etbi Education and Training Boards Ireland Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
SPU Schools Procurement Unit
Oifig um Sholáthar Rialtais Office of Government Procurement
PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
An Roinn Oideachais Department of Education

Gléasanna Apple a Fhoinsiú

Tá socrú is féidir le scoileanna a úsáid curtha i bhfeidhm ag HEAnet le 2 sholáthraí thar 2 Bheart le haghaidh gléasanna Apple agus roinnt seirbhísí tacaíochta gaolmhara.

Uimhir an Bhirt	Soláthraí	Táirgí	Forlíontáin Roghnacha
1	Compu B	MacBook's IMac's MacMini's MacPro's Ipad Pro's Ipad's Ipad Mini's	Roghanna sonraíochta agus oiriúintí Roghanna tacaíochta agus seirbhísí, lena n-áirítear bainistiú gléasanna
2	Typetec/ Wriggle	MacBook's IMac's MacMini's MacPro's Ipad Pro's Ipad's Ipad Mini's	Roghanna sonraíochta agus oiriúintí Roghanna tacaíochta agus seirbhísí, lena n-áirítear bainistiú gléasanna

Moltar do scoileanna r-phost a chur chuig seoladh r-phoist HEAnet, brokerage@heanet.ie, lena iarraidh orthu na roghanna uile atá ar fáil a nochtadh, agus eiseoidh siad freagra ina mbeidh na mionsonraí uile faoin mbeart. Ina dhiaidh sin, cuirfear an mhaitrís lascaine ar a súile don scoil agus, tar éis na roghanna

Réitigh Íocaíochta Scoile do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

easy payments plus

mit EDUCATION SOLUTIONS

WayPay

Gheobhaidh tú tuilleadh sonraí faoi chreat na Roinne Oideachais, a chuireann réitigh íocaíochta ar fáil do scoileanna, agus faoi conas é a úsáid, ag an nasc seo a leanas ar láithreán gréasáin na Roinne - https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/framework-agreement.pdf

Creataí / Conarthaí Nua ar fáil do scoileanna

Seirbhísí Sláinteachais Sláintíochta

Cad iad na hearraí agus na seirbhísí atá san áireamh sa Chreat seo?

Soláthraíonn an creat an réimse Seirbhísí Sláinteachais Sláintíochta seo a leanas:

1. Araidí sláintíochta, atá ina modh sláinteach le fáil réidh le dramhaíl sláintíochta - seirbhís araide iomláine,
2. Araidí sláintíochta, atá ina modh sláinteach le fáil réidh le dramhaíl sláintíochta - seirbhís mála bruscair amháin,
3. Araidí clúidíní, atá ina modh sláinteach le fáil réidh le dramhaíl clúidín,
4. Dáileoirí táirgí sláintíochta, atá ina meaisíní, agus iad gléasta ar an mballa, chun seirbhísiú rialta a chinntiú ionas gur féidir na leibhéil stoic a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar aon lochtanna,
5. Úraitheoirí aeir, atá ina dtáirgí a oibríonn ar chadhnra agus a sholáthraíonn seirbhísiú rialta ionas gur féidir

Tá 5 Shuíomh Geografacha sa Chreat agus oibreoidh sé ar bhonn Tarraingt Anuas Díreach Soláthraí Aonair. Is iad Rentokil Initial Limited an Soláthraí Seirbhíse ag gach suíomh. Scoileanna ar mian leo seirbhísí a ghníomhachtú faoin gCreat nua, ní mór dóibh an **F**hoirm **F**ógra maidir le **S**eirbhísí a **G**hníomhachtú (**NASF**) a shíniú, atá ar fáil lena híoslódáil ó BuyerZone (Crios Ceannaitheora) na hOifige um Sholáthar Rialtais; is gá í a bheith sínithe ar pháipéar sainchlóite na scoile agus seolta ansin chuig Rentokil Initial Limited. Síneoidh siad an fhoirm ansin agus seolfaidh siad ar ais chugat é, rud a chuirfidh an conradh i ngníomh.

Is féidir sonraí iomlána, lena n-áirítear an NAGF atá ar fáil lena híoslódáil ag úsáideoirí cláraithe, a fháil taobh thiar den 'táb' Scoileanna laistigh den BuyerZone ar www.ogp.gov.ie. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig support@ogp.gov.ie nó glao a chur ar: 076 100 8000.

Seirbhísí Cothabhála Ardaitheoirí

Cad iad na hearraí agus na seirbhísí atá clúdaithe sa Chreat seo?

Soláthraíonn an Creat na Seirbhísí Cothabhála Ardaitheoirí seo a leanas:

Laistigh den Scóip:

- Cothabháil agus seirbhísiú coisctheach pleanáilte ardaitheoirí
- Cothabháil agus deisiú imoibríoch ardaitheoirí
- Glaonna amach éigeandála
- Tabhairt faoi thástálacha forlíontacha SAFed
- Nuair is infheidhme, féadfaidh Conarthaí Seirbhíse áirithe a bhronntar faoi na Creat-Chomhaontuithe a cheangal ar an gConraitheoir gníomhú mar Mhaoirseoir Tionscadail don Chéim Dearaidh (PSDP) agus / nó mar Mhaoirseoir Tionscadail don Chéim Tógála (PSCS).

Lasmuigh den Scóip:

- Ardaitheoirí nua a sholáthar agus a shuiteáil
- Athchóiriú mór na n-ardaitheoirí atá ann cheana

feidhmiúlacht a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar aon lochtanna.

Tá 4 Lota sa Chreat, tá 3 Lota bunaithe ar an suíomh geografach agus tá an 4ú ceann le húsáid ag Údaráis Chonarthacha a bhfuil riachtanais acu agus atá lonnaithe i níos mó ná suíomh geografach amháin. Tá 7 soláthraí seirbhíse ceaptha sa chreat seo agus is trí mhionchomórtas a sholáthraítear rochtain ar sheirbhísí.

Is féidir sonraí iomlána a fháil sa Treoir Úsáideora ar an 'táb' Scoileanna laistigh den BuyerZone ar www.ogp.gov.ie. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig support@ogp.gov.ie nó glao a chur ar: 076 100 8000.

Creataí / Conarthaí Nua ar fáil do scoileanna

Seirbhísí Bróicéireachta agus Socrúcháin Árachais

Cad iad na hearraí agus na seirbhísí atá san áireamh sa Chreat seo?

Áireofar sa Chreat um Sheirbhísí Bróicéireachta agus Socrúcháin Árachais na hábhair atá liostaithe thíos, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Athbhreithniú Ginearálta ar an gClár
- Idirbheartaíocht agus Socrúchán Árachas
- Próifíliú Riosca & Comhairliúchán Riosca
- Bainistíocht agus Anailís ar Éilimh
- Teicniúil & Speisialtóireacht
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

i gcás gur mó ná €25,000 luach iomlán na seirbhísí a theastaíonn ó Chreat-Chliant (lena n-áirítear aon tré-íocaíochtaí le frithgheallaithe árachais). (gan CBL a áireamh). (Tuigtear go mbeidh feidhm theoranta ag an gcreat seo ó thaobh na hearnála scoile de, ach d'fhéadfadh sé a bheith spéisiúil do roinnt scoileanna / comhlachtaí iontaobhais).

Maidir le Seirbhísí Bróicéireachta Árachais nuair is gá árachas a chur i bhfeidhm mar chuid de mhionchomórtas, beifear ag súil go dtiocfaidh an bróicéir ar ais chuig an gCreat-Chliant le réiteach árachais iomlán a fhreastalóidh ar a riachtanais.

Is féidir sonraí iomlána a fháil sa Treoir Úsáideora ar an 'táb' Scoileanna laistigh den BuyerZone ar www.ogp.gov.ie. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig support@ogp.gov.ie nó glao a chur ar: 076 100 8000.

Na Leideanna Is Fearr chun eTenders a úsáid

Tá seicliosta gearr agus treoir ghairid curtha le chéile ag an OGP mar taca d'údaráis chonarthacha nuair atá fógraí comórtais á bhfoilsiú ar eTenders. Tá buntáistí ag an treoir ghairid inrochtana seo d'úsáideoirí agus do lucht déanta polasaithe agus tacaíonn sé le faisnéis chomhsheasmhach chruinn a chur ar fáil ar eTenders.

Lean an NASC SEO chun teacht ar an bhfaisnéis.

Comhaontuithe Náisiúnta um **Sholáthar Stáiseanóireachta agus Soláthairtí Oifige**, a chuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais ar fáil do scoileanna

Catagóirí Táirge	Raon na dTáirgí atá ar fáil
Greamacháin	Maidí Gliú, Téip, Crúca agus Lúb Fabraice
Leabhair agus Bloic	Leabhair Nótaí faoi Chlúdach Crua agus faoi Cheangal Fáinneach, Bloic Pháipéir, Leabhair Nótaí Gearrscríbhneoireachta
Oiriúintí Deisce	Glantóir Deannaigh, Ceap Luiche le Taca do Chaol na Láimhe, Gearrthóga, Glantóir Múis d'Eochairchláir, Tralaí Cliathbhoscaí, Mála Droma do Ríomhaire Glúine, Tráidirí Litreacha, Cás Píolótach, Cás thar Oíche, Cró Peann, Ceap Luiche, Fóilió Comhdhála Zipeáilte
Dialanna	A4/A5: Acadúil, 1 Leathanach sa Lá, Coinní, Amharc 'Seachtain go dtí' A4 amháin: 2 Leathanach sa Lá
Rudaí Leictreacha	Cadhnraí, Áireamhán Deisce, Áireamhán Eolaíoch, Áireamhán Priontála
Clúdaigh Litreach	Clúdaigh Chairtchláir, Clúdaigh Phacáistíochta, Clúdaigh Pháipéir
Comhdú agus Stóráil	Boscaí Stórála, Boscaí Cartlainne, Comhaid Bhosca, Comhaid, Fillteáin, Pócaí Plaisteacha, Roinnteoirí Ábhair
Lipéid	Lipéid Seolta, Téip Lipéid Lannaithe, Lipéid Ilchuspóireacha, Lipéid do Chomhad Stualuamháin
Ilghnéitheach	Mála Post, Mála Láidir Zipeáilte, Fearas Garchabhrach
Oiriúintí Oifige	Araid Athchúrsála Cairtchláir, Mata Cathaoireach, Málaí Stiallaire, Pleanálaí Balla
Stáiseanóireacht Oifige	Fáiscíní, Leacht/Peann/Rollóir Ceartúcháin, Dáileoir Deisce Téipe, Punch, Bioráin Ordóige, Léirscriosán, Stáplóir, Cluaisíní Innéacs, Marcóirí Leathanaigh, Osclóir Litreacha, Bioróir Peann Luaidhe, Scoráin Chomhaid, Cártaí Taifid, Nótaí Greamaitheacha, Bandaí Rubair, Siosúr, Rialóir, Scaoilteoir Stáplaí, Tacóid Ghreamaitheach
Pacáistíocht	Coirdín Cadáis
Páipéar	Smeach-Chairteacha, Bileoga Féinghreamaitheacha, Páipéar Teastais, Rollaí Teirmeacha do Scipéid, Rollaí d'Áireamháin
Stampaí Postais	Luach €1
Cur i Láthair agus Taispeáint	Seastán do Smeach-Chairteacha, Pócaí Lannaithe, Pócaí Doiciméid/ Litríochta, Coinneálaithe Doiciméad, Ríl Suaitheantas, Clúdaigh Theastais, Maighnéid Dhaite, Fáiscshuaitheantas, Boird Corcaí, Boird Fógraí Feilte, Láinnéir, Ceanglóirí 4 Fháinne, Scriosáin don Chlár Bán, Leabhar Cuairteoirí, Coinneálaí Pas Slándála, Ceanglóirí 2 Fháinne, Cíoraí Ceangailteacha, Clúdaigh Cheangailteacha, Cúrán/Ciarsúir Ghlantacháin don Chlár Bán
Miontrealamh Oifige	Fan Deisce, Cábla Sínteach, Printéir Lipéad, Stiallaire, Ceanglóir Cíora Láimhe, Araid Dramhaíola Mhiotail, Gilitín, Lannaitheoir, Bearrthóir Rothlach, Clog Balla
Stampaí	Méideanna Éagsúla, Téacs Féindúchain le Stampa Dáta, Ceap Stampa san Áireamh
Ábhair Scríbhneoireachta	Pinn aibhsithe, Pinn, Pinn Luaidhe, Marcóir Dubh Slándála, Marcóirí don Chlár Bán, Athlíonadh do Phinn Parker

Comhaontuithe Náisiúnta um **Sholáthar Stáiseanóireachta agus Soláthairtí Oifige**, a chuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais ar fáil do scoileanna

Uimhir an Bhirt	Do scoileanna atá suite sna contaetha seo a leanas:-	Soláthraí ainmnithe do na contaetha liostaithe
4	Baile Átha Cliath, Cill Dara, Lú, an Mhí agus Cill Mhantáin.	**Lyreco Ireland Ltd** Aonad 41, Eastát Tionscail na Páirce Thiar, Bóthar na Coille Móire, Baile Átha Cliath 10 1850 88 22 79 ogp.ie@lyreco.com
5	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman.	**Jones Business Systems** *(cuibhreannas le Office Supplies Ireland)* Páirc Ghnó na hEasca, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach 059 913 2595 ogp@officestuff.ie
6	An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach agus Tiobraid Árann.	**Albany Office Supplies** Aonad 8/9, Clós Chnoc Mitin, Eastát Tionsclaíochta an Iarthair, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12 01 450 1200 sales@albanyofficesupplies.ie
7	Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach	**Office Depot Ireland Ltd** Aonad 35, Páirc Ghnó Chnocán na Rós, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 01 815 0621 irishqueries@officedepot.eu
8	An Cabhán, Dún na nGall agus Muineachán.	**Eciffo Office Ltd** 32E Páirc Chnocán na Rós, Páirc Ghnó Chnocán na Rós, Baile Cúlann, Baile Átha Cliath 11 01 831 3760 info@eciffo.ie

Tá na sonraí ar fad, lena n-áirítear na Treoirleabhair d'Úsáideoirí agus an Fhoirm Fógra le Seirbhísí a Chur i nGníomh (**NASF**) – i.e. an fhoirm nach mór do scoileanna a shíniú le conradh a chur i ngníomh – ar fáil lena n-íoslódáil ag úsáideoirí cláraithe faoin gcluaisín 'Scoil' laistigh de Zón na gCeannaitheoirí ar **www.ogp.gov.ie**. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig **support@ogp.gov.ie** nó glao a chur ar: **076 100 8000**.

Cén chaoi riachtanais stáiseanóireachta a ordú

Céim 1:
Cuir '**NAGF**' faoi bhráid an tsoláthraí (Is riachtanas aonuaire é seo lena gcuirtear do scoil i ngníomh mar chliant faoin gconradh)

Céim 2:
Admhóidh an soláthraí gur glacadh leis an NAGF.

Féadfaidh an soláthraí faisnéis a bhailiú ón gcliant chun críocha cuntas an chustaiméara a shocrú.

Céim 3:
Cuir do riachtanais in iúl don soláthraí agus déan an t-ordú.

Tabhair faoi deara nach nglacfar le horduithe a bhfuil a luach faoi bhun €50 (gan CBL a áireamh).

Tá ár dtreoir 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' le fáil lena híoslódáil i nGaeilge nó i mBéarla ó –
https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/

Seaneagráin den Nuachtlitir

Tá seaneagráin de Nuachtlitir an Aonaid le fáil i nGaeilge agus i mBéarla anois ar ár láithreán gréasáin ag:
https://www.spu.ie/procurement-newsletters/

Na Teistiméireachtaí is Déanaí

An méid a deir ár gCliaint fúinn

"Lorgaíomar tairiscintí le déanaí le haghaidh soláthar troscán scoile. Bhaineamar an-tairbhe as an tacaíocht den scoth a thug Fiona Coy san Aonad Soláthair Scoileanna dúinn. Treoraíodh muid trí gach céim ar bhealach tacúil comhsheasmhach. Freagraíodh gach ceist a bhí againn go tapa agus go héifeachtúil. Bhí tacaíocht teileafóin agus tacaíocht ríomhphoist ar fáil i gcónaí. Chuir tacaíocht Fiona ar ár gcumas an próiseas a chur i gcrích go cóir agus go rathúil ".

Scoil Oilibhéir, Baile Uí Mhaoláin, Corcaigh.

"Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár nduine teagmhála san Aonad Soláthair Scoileanna, Fiona Coy, a bhí thar a bheith cabhrach. Ba í seo an chéad uair dom tairiscintí a chruthú tríd an suíomh Gréasáin e-tenders, agus an próiseas meastóireachta a dhéanamh; bhí sí thar a bheith cabhrach tacúil agus threoraigh sí mé tríd an bpróiseas iomlán. Go raibh maith agat".

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh

Féach ár sonraí teagmhála thíos má bhíonn ceisteanna ginearálta, aiseolas sonrach nó moladh agat maidir le cén chaoi a bhfeadfaimis ár seirbhís do do scoil nó d'earnáil na scoileanna go ginearálta a fheabhsú.

An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

T: 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
G: www.spu.ie **R:** procurementsupport@spu.ie

LEAN MUID
@SPUireland

NABMSE National Association of Boards of Management in Special Education
Educate Together
ACCS Association of Community and Comprehensive Schools
JMB AMCSS SECRETARIAT
CATHOLIC PRIMARY SCHOOLS MANAGEMENT ASSOCIATION
AN FORAS PÁTRÚNACHTA
Church of Ireland Board of Education